

RÁITEAS COSANTA SONRAÍ CHUN SONRAÍ UM GHNÍOMH AISGHAIRME A BHAINNEANN LE FIN (Uimhir aitheantais na feithicle) A CHUR AR FÁIL Ó VOLKSWAGEN GROUP INFO SERVICES AG DO NA BRANDAÍ VOLKSWAGEN PKW, VOLKSWAGEN NUTZFAHRZEUGE, AUDI, SKODA, SEAT, AGUS CUPRA (VIN RECALL FOR FLEET)

Leis an ráiteas cosanta sonraí seo cuirimid in iúl duit go bpróiseáileann an Volkswagen Group Info Services AG sonraí pearsanta chun na gcríoch atá luaite anseo.

Is iad an Volkswagen Group Info Services AG an comhéadan lárnach maidir le sonraí gluaisteachta le haghaidh roinnt brandaí an ghrúpa Volkswagen. Cuirimid na sonraí um ghníomh aisghairme a bhaineann le FIN ar fáil go lárnach d'oibreoir flít ar leith mar úinéir/coinneálaí reatha na feithicle nó mar sholáthraí bogearraí bainistíochta flít thar ceann an oibreora flít faoi seach.

A. An Rialaitheoir Sonraí

Is é an Volkswagen Group Info Services AG an rialaitheoir atá freagrach as próiseáil sonraí pearsanta (féach pointe D.) an ráiteas cosanta sonraí seo. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag an seoladh seo a leanas:

Volkswagen Group Info Services AG
Berliner Ring 2
38440 Wolfsburg
An Ghearmáin

gis-support@cariad.technology

Uimhir leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí HRB 207876 (Cúirt Dúiche Braunschweig)

Suíomh Idirlín: <https://drivesomethinggreater.com/>

B. Oifigeach Cosanta Sonraí

Tá ár n-oifigeach cosanta sonraí ar fáil duit mar dhuine teagmhála le haghaidh gach imní a bhaineann le cosaint sonraí. Seol do chuid fiosruithe chuig:

Oifigeach Cosanta Sonraí Volkswagen Group Info Services AG
Berliner Ring 2
38440 Wolfsburg
An Ghearmáin
gis-privacy@cariad.technology

C. Cuspóir leis an bpróiseáil

Cuireann Volkswagen Group Info Services AG sonraí aisghairme áirithe a bhaineann le FIN le haghaidh feithiclí de chuid na mbrandaí Volkswagen PKW, Volkswagen Nutzfahrzeuge, Audi, Skoda, Seat agus CUPRA ar fáil don oibreoir flít ar leith atá ina úinéir/coinneálaí reatha na feithicle seo nó do sholáthraí bogearraí bainistíochta flít thar ceann an oibreora flít. Cuirtear na sonraí seo ar fáil chun margaíocht feithiclí saor ó aisghairm agus bainistiú flít atá éifeachtach agus sábháilte ar shlí chomhsheasmhach a chinntiú agus ardchaighdeán cháilíochta á gcoinneáil ag an am céanna.

Faigheann Volkswagen Group Info Services AG sonraí an ghnímh aisghairme a bhaineann le FIN ó bhrandaí an Ghrúpa Volkswagen agus ansin cuireann sé na sonraí seo ar fáil mar chomhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí an Ghrúpa Volkswagen chuig an oibreoir flít faoi

seach, atá ina úinéir/coinneálaí reatha na feithicle seo, nó chuig soláthraí bogearraí bainistíochta flít thar ceann oibreora flít den sórt sin mar úinéir/coinneálaí na feithicle seo.

D. Catagóirí sonraí

Níl sonraí pearsanta ar fáil ach amháin i gcás oibreora flít mar ábhar sonraí de réir bhrí RGCS. Tá an cás sin amhlaidh maidir le fiontraíthe aonair, nó sa chás gur sonra pearsanta freisin ainm na cuideachta tráchtála (Alt 17 de Chód Tráchtála na Gearmáine) nó comhartha aitheantais sonrach na cuideachta de réir bhrí RGCS (m.sh. is é ainm an fhiontraí a (h)ainm cuideachta freisin).

Faigheann Volkswagen Group Info Services AG na sonraí pearsanta seo a leanas ó Volkswagen AG (Berliner Ring 2, 38440 Wolfsburg), Audi AG (Auto-Union-Str. 1, 85057 Ingolstadt), ŠKODA AUTO a.s. (tř. Václava Klementa 869, 293 01, Mlada Boleslav) agus SEAT CUPRA, S. A. U. (Autovía A-2, km 585, 08760 Martorell) agus cuireann sé ar aghaidh iad chuig an oibreoir flít mar úinéir/coinneálaí reatha feithicle ar leith nó chuig soláthraí bogearraí bainistíochta flít thar ceann an oibreora flít faoi seach:

1. FIN,
2. Sonraí um Ghníomh aisghairme (m. Sh. ID an Ghnímh, tús an ghnímh, cineáil an ghnímh srl.)
3. Ainm agus seoladh an oibreora ghnímh
4. Má tá soláthraí bogearraí bainistíochta flít rannpháirteach freisin: Uimhir an chonartha/doiciméadú a rinneadh idir an t-oibreoir flít agus an soláthraí bogearraí bainistíochta flít a roghnaíonn an t-oibreoir flít, chun a áirithiú nach gcuirfidh Volkswagen Group Info Services AG sonraí aisghairme ó Ghrúpa Volkswagen atá bunaithe ar FIN ar fáil go díreach do sholáthraí bogearraí bainistíochta flít ach amháin má tá Conradh bailí idir an t-oibreoir flít agus an soláthraí bogearraí bainistíochta flít.

E. Bunúis dlí

Tá próiseáil sonraí pearsanta ag Volkswagen Group Info Services AG bunaithe ar leas dlisteanach (Airt. 6 mír 1 cuid f RGCS) agus i gcás conartha idir Volkswagen Group Info Services AG nó soláthraí bogearraí bainistíochta flít ina bhfuil oibreoir flít mar ábhar na sonraí, ar bhonn an ghá atá le comhlíonadh an chonartha seo (Airt. 6 mír 1 cuid b RGCS).

Is é Volkswagen Group Info Services AG an comhéadan lárnach chun sonraí gluaisteachta a chur ar fáil ó roinnt brandaí an Ghrúpa Volkswagen agus tá leas dlisteanach aige i bpróiseáil na sonraí a tharchuireann brandaí an Ghrúpa Volkswagen chuig Volkswagen Group Info Services AG chun sonraí gníomh aisghairme a bhaineann le FIN a sholáthar d'oibreoirí flít údaithe nó do sholáthraithe bogearraí flít thar ceann oibritheora flít, d'fhonn margaíocht feithiclí atá saor ó aisghairm agus bainistíocht flít éifeachtúil agus sábháilte ar shlí chomhsheasmhach a chinntiú agus ardchaighdeán cháilíochta na bhfeithiclí flít, agus na sonraí sin a chur ar fáil go lárnach trínár Mol Sonraí (<https://drivesomethinggreater.com/>).

F. Faighteoir sonraí

Nochtfar do shonraí chun na críoch atá sainithe thuas do na faighteoirí sonraí seo a leanas:

- Oibreoir flít atá i seilbh/mar choinneálaí na feithicle faoi seach (an duine atá freagrach);
- Próiseálaithe an oibreora flít faoi seach (e.g. soláthraithe bogearraí flít); agus
- Próiseálaithe Volkswagen Group Info Services AG.

Liostaítear faighteoirí breise nó catagóirí faighteoirí sonraí pearsanta de chuid Volkswagen Group Info Services AG go rialta i dteannta le ráiteas cosanta sonraí nuashonraithe.

G. Foinse sonraí

Tá do shonraí faighte againn ó:

- Volkswagen AG, Berliner Ring 2, 38440 Wolfsburg
- AUDI AG, Auto-Union-Str. 1, 85057 Ingolstadt,
- ŠKODA AUTO a.s., tř. Václava Klementa 869, 293 01, Mladá Boleslav
- SEAT CUPRA, S.A.U., Autovía A-2, km 585, 08760 Martorell.

H. Tréimhse stórála

I bprionsabal, ní stóráiltear na sonraí pearsanta atá liostaithe anseo ag Volkswagen Group Info Services AG. Soláthraíonn Volkswagen Group Info Services AG na sonraí seo mar chomhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí an Ghrúpa Volkswagen, ón mbranda faoi seach go dtí an t-oibreoir flít ar leith mar úinéir/coinneálaí reatha na feithicle, nó go dtí an soláthraí bogearraí bainistíochta flít thar ceann an oibreora flít faoi seach. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na sonraí á dtarchur go simplí gan a bheith á stóráil againn.

Ar mhaithe le hoibleagáidí coinneála a bhaineann le dlí tráchtála agus cánach agus ar chúiseanna cosanta sonraí (cuntasacht), ní dhéanann Volkswagen Group Info Services AG ach cartlannú ar mhodh iniúchta-dheimhnithe gur cuireadh sonraí an táirge "VIN Recall für Flotte" (féach pointe D.) le haghaidh FIN ar leith ar fáil d'fhaighteoir ar bhonn conartha ar leith (uimhir chonartha/doiciméadú), gan na sonraí um ghníomh aisghairme a díorthaíodh a stóráil é féin (féach pointe D).

I. Do Chearta

Is féidir leat do chearta a dhearbhu i gcoinne Volkswagen Group Info Services AG ag am ar bith saor in aisce.

Tá tuilleadh eolais ar conas do chearta a fheidhmiú le fáil ar an suíomh Gréasáin <https://drivesomethinggreater.com/legal-notice/privacy-notice/data-hub>.

Ceart chun faisnéise

Tá sé de cheart agat faisnéis a fháil, i.e. deimhniú a iarraidh orainne maidir le cé acu agus – má tá – cé na sonraí pearsanta a bhaineann leat atá á bpróiseáil agus cén sonraí a cuireadh ar aghaidh agus cén faighteoirí a fuair na sonraí sin. Ina theannta sin, bíonn sé de cheart agat go ginearálta cóip a fháil de na sonraí pearsanta atá próiseáilte againn. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh go teicniúil, ach nach stóráilann siad féin iad (féach pointe H.).

Ceart chun ceartúcháin

Tá sé de cheart agat iarraidh orainn aon sonraí pearsanta atá míchruinn nó neamhiomlán a bhaineann leat a cheartú. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stóráilann siad féin iad (féach pointe H.).

Ceart chun scriosta

Tá an ceart agat, má tá na coinníollacha in Airt.17 RGCS comhlíonta, a iarraidh go scriosfar sonraí pearsanta a bhaineann leat. Is féidir leat ansin, mar shampla, a iarraidh go scriosfar na sonraí seo mura bhfuil siad riachtanach a thuilleadh chun na críocha ar bailíodh iad dóibh. Lena chois sin, is féidir leat scriosadh a iarraidh freisin má phróiseálaimid sonraí pearsanta ar bhonn do thoilithe agus má tharraingíonn tú siar an toiliú seo. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálaí siad féin iad (féach pointe H.).

Ceart chun próiseáil a shrianadh

Tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfaí próiseáil do shonraí a shrianadh má tá coinníollacha Airt.18 RGCS comhlíonta. Tá sé sin amhlaidh, mar shampla, má dhéanann tú díospóid faoi chruinneas na sonraí pearsanta a phróiseálaimid. Is féidir leat a iarraidh go gcuirfí srian leis an bpróiseáil ar feadh na tréimhse a ndéantar cruinneas na sonraí pearsanta a sheiceáil. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálaí siad féin iad (pointe H.).

Ceart chun inaistritheacht sonraí

Má tá an phróiseáil sonraí bunaithe ar thoiliú nó ar chomhlíonadh conartha agus go ndéantar í freisin trí úsáid a bhaint as próiseáil uathoibrithe, tá sé de cheart agat do shonraí a fháil i bhformáid struchtúrtha, choiteann atá inléite ag meaisín agus iad a tharchur chuig rialaitheoir eile. Ina theannta sin, tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfaí na sonraí pearsanta a tharchur go díreach uainne chuig rialaitheoir eile. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálaí siad féin iad (féach pointe H.).

Ceart agóide

A mhéid a phróiseálaimid sonraí pearsanta ar bhonn leasanna dlisteanacha, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí seo ag am ar bith ar chúiseanna a eascraíonn as do chás ar leith. A mhéid a phróiseálaimid sonraí pearsanta ar bhonn leasanna dlisteanacha, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí seo ag am ar bith ar chúiseanna a eascraíonn as do chás ar leith. Má bhaineann d'agóid in aghaidh phróiseáil sonraí chun críocha margaíochta dírí, tá ceart ginearálta agóide agat, a chuirfimid i bhfeidhm gan cúiseanna a lorg.

Ceart cúlghairme

Má tá próiseáil na sonraí bunaithe ar thoiliú, tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar ag am ar bith saor in aisce le héifeacht don todhchaí trí ríomhphost a sheoladh chuig gis-support@cariad.technology.

Treoir de réir Airt. 11 RGCS

Ba mhaith linn a chur in iúl nach bhfuil sinne mar Volkswagen Group Info Services AG in ann, i go leor cásanna, úsáideoirí breise feithicle nó na príomhúsáideoirí a shainaithint agus, de réir Airteagal 11 RGCS, nach bhfuil oibleagáid orainn faisnéis bhreise a bhailiú nó a phróiseáil chun daoine lena mbaineann a shainaithint.

Má dhearbhaíonn tú cearta inár n-aghaidh, ní mór dúinn do stádas mar ábhar sonraí a dheimhniú de réir bhrí na RGCS agus d'fhéadfaimis tuilleadh faisnéise a lorg uait más gá. Cinntíonn sé seo freisin nach sáraítear cearta tríú páirtithe agus sonraí pearsanta á scaoileadh againn.

Cinntí aonair uathoibrithe

Ní dhéantar aon chinnteoireacht uathoibrithe de réir Airt. 22 RGCS.

Ceart gearán a dhéanamh

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta faoinár bpróiseáil ar do shonraí. Is é an t-údarás maoirseachta atá freagrach do Volkswagen Group Info Services AG ná:

An Coimisinéir Stáit um Chosaint Sonraí Niedersachsen,

Prinzenstraße 5,

30159 Hannover,

poststelle@lf.niedersachsen.de.

Amhail Nollaig 2025